

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	D159
Ainm an Agalláí	Máire Doohan
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	24/11/2008
Suíomh an Agallaimh	Mín Lárach
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis

(gáire)

(sos)

(--) Tús bréige

` _____ ' Focal dothuigthe

` _____ +' Níos mó ná focal amháin dothuigthe

.... Beirt ag caint ag an am amháin

[] Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL: Anois a Mhary, ar ais arís. Tosóidh muid agus inseoidh tú scéal 'An Wasp' domh, a Mhary.

MÁIRE: 'An Wasp'?

DÓNALL: *Aye.*

MÁIRE: Tháinig 'An Wasp' isteach ar an taobh, i gcúl an *lighthouse* Thoraí, ag gabháil a *phrisáil* na ndaoine uilig, muintir Thoraí, ag gabháil a *bprisáil*. Creidim gur á dtabhairt ar shiúl a bhí siad, fá choinne cogaidh, níl a fhios, ní thig liom a inse caidé an rud a bhí a *bprisáil but* rinne na mná i dToraigh an turas orthu. Rinne siad an turas orthu ó Nollaig go Nollaig.

DÓNALL: Inis domh caidé, caidé an dóigh, caidé rud, caidé go díreach a bheadh in sa turas?

MÁIRE: Sin an rud, tá, tá, tosóidh tú air tá mé ag déanamh ar an cheann thoir siar go raibh tú thiar ag an *lighthouse*, tá iomaithe ann, iomaithe beannaithe ann.

DÓNALL: Sé.

MÁIRE: Agus ansin rinne siad an turas ansin. Agus, nuair a bhí sé déanta acu, níl a fhios agam cé acu a rinne siad an trí lá nó nach ndearn, nuair a bhí an turas déanta acu, bádh na, tiontaíodh an soitheach i gcúl an lighthouse Thoraí, chuala tú iomrá ar 'An Wasp'.

DÓNALL: Chuala.

MÁIRE: *Aye.* Sin é, sin é.

DÓNALL: *So* sin an mallacht a chur siad.

MÁIRE: Sin an mallacht, sin an, sea, rinne siad an turas, mallacht sa turas, *mmm*, *hmm*.

DÓNALL: *So* tá Cloch na Mallachta istigh i dToraigh fosta, a Mhary?

MÁIRE: Bhí sé ann *but* b'éigean í a chur i bhfolach.

DÓNALL: Ar b'éigean.

MÁIRE: B'éigean. Cibé, tháinig sagart, mhothaigh mé gur tháinig sagart agus dhá chléireach oíche amháin agus gur chur siad i bhfolach í *because* bhí sí ag tarraingt barraíocht rudaí. Thiompódh sí, thiompódh sí, i bhfolach, níl a fhios agam c'áit a bhfuil sí.

DÓNALL: Cuireadh i bhfolach í.

MÁIRE: Cuireadh i bhfolach í. Thiomp..., dá dtitfinn-se amach leatsa, thiompóinn í 's _____ ortsa nó gheofá bocht ar bith an dóigh a raibh sé. *Mmm, hmm.* Chuir siad, chuir siad i bhfolach ansin í, *aye.* But rinne siad sin fá dtaobh den 'Wasp' cibé ar bith.

DÓNALL: (I) do bharúil an bhfuil a fhios ag a'n duine cá bhfuil Cloch na Mallachta anois a Mhary?

MÁIRE: Ó, níl a fhios ag duine ar bith é, cibé áit, cibé áit ar tugadh í, níl a fhios ag duine ar bith c'áit a bhfuil sí curtha. Dá mbeadh a fhios creidim féin, cha dtiocfadh leo a inse, níl a fhios agam, b'fhéidir go raibh a fhios ag muintir..... órú. Blianta, blianta, is fada an lá sin ó shin.

DÓNALL: Sin an scéal.

DÓNALL: Inis domh a Mhary ansin, tá scéal ar dóigh agat, fá, bhí tú ag caint, nuair a chríochnaigh muid an lá deireanach, bhí tú ag caint faoi uncail duit agus scaifte fear a d'fhág Toraigh.

MÁIRE: Ó, d'fhág siad Toraigh fad ó shin, *nineteen fourteen* (1914), d'imigh siad anonn, d'imigh m'athair agus uncail agus cuid mhór, *crowd* mór acu, anonn go Meiriceá, am an chogaidh, ag déanamh go raibh siad ag gabháil a bheith tógtha, tá mise ag déanamh , le dhul isteach sa chogadh. Tá mise ag déanamh, chaith siad bliain ná dhá bhliain thall fá, thall i Meiriceá. Tháinig m'athair anall but d'fhan na, dtáinig an t-uncail, tháinig cuid mhaith de raibh thall, a chuaigh anonn anall uilig. Agus tháinig, d'fhan duine amháin nó beirt acu thall, char tháinig siad sin anall. So, char tógadh a'n duine acu, tháinig siad anall ar ais.

DÓNALL: Agus cé mhéid duine a d'imigh uilig?

MÁIRE: Tá mé ag déanamh gur imigh deichniúr cibé ar bith, níl a fhios agam, tá me ag déanamh gur imigh deich gcloigne acu, anonn. *Mmm.*

DÓNALL: *So see* Mhary ag éirí aníos duitse, tá a fhios agam go raibh d'athair ag iascaireacht...

MÁIRE: ... Cha raibh, cha raibh m'athair, cha raibh m'athair pósta ná a dhath an t-am sin.

DÓNALL: *No.*

MÁIRE: Cha raibh cuimhne ar bith agamsa ar sin, mhothóinn iad ag caint air.

DÓNALL: Ó tá a fhios agam sin

DÓNALL: *But* ag eirí aníos duit féin, bheadh d'athair ag iascaireacht a dúirt tú. *But* an imeodh siad go hAlbain, an raibh na fir ag imeacht go hAlbain fosta?

MÁIRE: Bhí. Ba ghnách leofa imeacht go hAlbain, ba ghnách le m'athair imeacht go hAlbain *but* sin, níl a fhios agam anois cé acu a bhí sé ar shiúl, níl sé ar shiúl le mo chuimhne-se, cha raibh sé ar shiúl le mo chuimhne-se. *But* bhí am breá istigh ansin i dToraigh againne an t-am sin, bhí am maith againn. Bhí an uile dhuine ag cur a chuid preátaí, bhí do chuid ime féin agat agus do chuid, bhuaifeá maistreadh bainne agus bhí do chuid *carrots* agus preátaí agus achan uile rud agat. Achan rud agat féin *so* anois, tá athrach mór anois ar sin.

DÓNALL: Ba ghnách libh fosta, móin a bhaint ar an tír mór?

MÁIRE: *Eh?*

DÓNALL: Ba ghnách libh an mhóin a bhaint amuigh ar tír mór a Mhary?

MÁIRE: Ba ghnách linn an mhóin a bhaint amuigh ar tír mór agus bheirtí isteach i mbáid seoil í.

DÓNALL: Cá raibh sibh ag baint na móna a Mhary?

MÁIRE: Thiar i gCnoc, thiar anseo i gCnoc Fola, tá muid ag baint go fóill ansin.

DÓNALL: Sé.

MÁIRE: Tá rann...

DÓNALL: ... *Jesus* bhí giota oibre le sin...

MÁIRE: ... cheannaigh, cheannaigh siad móin thiar ansin, cheannaigh achan uile dhuine, rachadh beirt acu fá dtaobh de roinn amháin thiar ansin. A fhad agus a bhí sin, tá sin againn, tá sin thiar againne go fóill ansin. Cheannaigh máthair roinn agus tá sé againn agus cheannaigh ansin athair an fhear an tí ceann.

DÓNALL: Thiocfá tusa mach go, go minic leofa a Mhary, bheadh sibh ag sábháil na móna.

MÁIRE: Bhuel, tháinig mé amach iarraidh amháin nó beirt leofa, ag cróigiú na móna, amach go Cnoc Fola, amach anseo agus isteach ar ais agus bheadh gráin móna isteach leofa.

DÓNALL: *Jesus* bhí giota masla...

MÁIRE: ...Cha raibh málaí ar bith ag gabháil an t-am sin ach just, b'fhéidir go mbeadh mála amháin acu, rud _____, líonadh siad an bád, chaitheadh iad a chaitheamh uilig amach le, le do lámha ón ché, cha raibh málaí ar bith ag gabháil an t-am sin.

DÓNALL: Agus í a thabhairt ansin ón ché suas go ...

MÁIRE: ... Í a thabhairt suas an tí ansin. B'fhéidir go raibh cúpla mála, go gcuirfeá isteach, líonfá ansin iad go gcuirfeá suas ar charr, ar an charr na bhaile iad.

DÓNALL: 'S an raibh beithígh go leor istigh a Mhary ar an oileán?

MÁIRE: *Eh?*

DÓNALL: An raibh go leor beithígh agus carranna istigh ar an oileán?

MÁIRE: Bhuel bhí beithígh, carranna agus asail. Carranna agus asail ann *but* cha raibh *tractor* ar bith ann i m'óige cibé ar bith. Go deireanach / deimhneach fuair *William Rodgers*, fuair an chéad *tractor* istigh ansin.

DÓNALL: 'S ní raibh *radios* ach oiread ann a Mhary, an raibh?

MÁIRE: *Eh?*

DÓNALL: Ní raibh mórán *radios* ar an oileán ach oiread, an raibh?

MÁIRE: Ó, ní raibh, cha raibh, *radios* ar bith ann. Éamonn *Rodgers* a fuair an chéad, fuair an chéad *tv* ann, television ann. Ach ansin, raidió, raidió, corr uair ansin, raidió, gheobhadh, corr uair gheobhainn an raidió beag mar sin, cha raibh mórán radios ná a dhath ar bith ag gabháil. Cha raibh *televisions* ná a dhath ann, ag imirt chártaí, bhí an chuid, 's ar shiúl ag airneán ó theach go teach. Sin an rud a bhí ag gabháil acu

DÓNALL: An bhfuil cuimhne agat ar an chéad raidió istigh ar an oileán?

MÁIRE: *Eh?*

DÓNALL: (An) bhfuil cuimhne agat ar an chéad raidió a tháinig?

MÁIRE: Ó tá, [trup gutháin anseo] bhéarthas muidinne sin ó theach go teach.

DÓNALL: Sé, (ag) cuartaíocht.

MÁIRE: Cuartaíocht, ag airneán a bhéarfadh siad amuigh anseo air.

DÓNALL: Sé.

MÁIRE: *Mmm, hmm.*

DÓNALL: An rud amháin a bhí ann.

MÁIRE: An rud amháin creidim a _____, *aye.*

DÓNALL: *So rachaidh ó theach go teach díreach agus sin...*

MÁIRE: ... Ó theach go teach, *crowd* acu i gcuideachta ansin ag inse scéalta 's ag argóint 's ag imirt chártaí ansin.

DÓNALL: *So an dtiocfadh sibh ansin amach go tír mór go minic a Mhary? Bhfuil a fhios agat, bheadh sibh ag teacht amach ag na siopaí is rud mar sin.*

MÁIRE: Bhuel bheas muid ag gabháil amach an tír, bhuel san am a bhí muid ann, bheadh, bheas muid amuigh ar tír mór corr uair. Cha bheadh, b'fhéidir nach mbeadh mórán gnóithe agat, rachfá amach ag *shoppáil* b'fhéidir go dtí an Fhál, thoir i *Falcarragh* is áiteanna mar sin.

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

MÁIRE: Is beag an duine a bheadh ag gabháil go Leitir Ceanainn an t-am sin murach mbeifeá amuigh ar fhostú nó rud mar sin ann. (Gáire)

DÓNALL: Sé, bhuel tá a fhios agam, ní raibh gnóithe agat ann.

MÁIRE: *Em, sin é.*

DÓNALL: *But* a Mhary ar ghnách libhse a ghabháil ansin go dtí oileán Inis Bó Finne, ar ghnách libh?

MÁIRE: Ag céilí, ag damhsa ann, *aye*.

DÓNALL: An rachadh?

MÁIRE: Ó, ba ghnách le muintir Inis Bó Finne dhul isteach go Toraigh achan uile mhaidin, corr mhaidin Dé Domhnaigh sa samhradh, chífeá trí bad acu ag teacht agus bheadh lúcháir orainn, bheadh lá mór agus oíche dhamhsa ansin ann, bheadh siad istigh go maidin. Ansin thiocfadh muintir Thoraí amach ansin ar an oileán, bheadh an rud céanna ag gabháil ar an oileán. Bhí an dá oileán ag gabháil i gcuideachta a chéile an t-am sin.

DÓNALL: So, d'fhanadh sibhse ag daoine istigh in Inis Bó Finne in am, b'fhéidir nach rachadh sibh a luí ar chóir ar bith?

MÁIRE: Ó, chan luí a bhí ann, imeacht isteach ar maidin leis an lá, nuair a bheadh an damhsa thart.

DÓNALL: Ag damhsa i rith na hoíche go díreach.

MÁIRE: Damhsa i rith na hoíche.

DÓNALL: (Gáire)

MÁIRE: Sin a mbeadh ag gabháil, ag ceol agus ag damhsa. *Aye*.

DÓNALL: Dia ár sábháil, nach raibh saol iontach ann?

MÁIRE: *Eh?*

DÓNALL: Bhí saol iontach ann, bhí sibh go sona...

MÁIRE: ... Bhí sin maith an t-am sin, bhí.

DÓNALL: Bhí.

MÁIRE: *But* níl sin ann anois. Cha, cha, cha raibh ólachán ná a dhath ar bith ag gabháil an t-am sin. Cha raibh a'n duine ábalta é a cheannach, cha raibh sé ag gabháil, bhí achan rud daor.

DÓNALL: Is an raibh *pub* ar bith istigh i dToraigh an am sin a Mhary? I dtigh *Ward* b'fhéidir an raibh?

MÁIRE: Bhí, bhí *pub*, bhí *pub* i dtigh *Ward*, bhí.

DÓNALL: *Mmm.*

MÁIRE: Seán *Rodgers* fosta, bhuel, ina óige, is gairid a thosaigh Seán, deartháir, deartháir Antoin, bhí *pub* aigesan. Bhí seisean ag díol, bhí siopa aige agus bhí sé ag díol deoch fosta.

DÓNALL: Ó sé.

MÁIRE: Bhí. Bhí seisean ag díol deoch fosta *but* cha raibh, chan cuid mhór a bhí siad a dhíol. *Just* rachfá isteach b'fhéidir ag an *weekend*'s rud mar sin ann. Cha raibh ólachán mór ag gabháil ag a'n duine.

DÓNALL: But dream, dream a bhí iontu a bhí iontach ceolmhar, bhí ceol in muintir Thoraí a Mhary?

MÁIRE: *Eh?*

DÓNALL: Bhí ceol maith ag muintir Thoraí.

MÁIRE: Bhí ceol maith uilig acu, cha raibh mórán ar bith fágtha agus tá go fóill. Tá an mhuintir óga anois ag coinneáil suas ceol na Gaeilge iontach maith.

DÓNALL: *Mmm, tá.*

MÁIRE: Tá.

DÓNALL: Tá sin fíor.

MÁIRE: Bíonn siad thíos ag an, ag an cheol ag an Oireachtas agus tá siad iontach maith. Ó ceol Gaeilge, *hmm, mmm.*

DÓNALL: An bhfuil tú ag gabháil a cheol ceann eile domh a Mhary?

MÁIRE: Á níl amhrán ar bith eile agam.

DÓNALL: Chan ann 's tusa.

MÁIRE: Bhí an bhean seo ag gabháil soir ar an ceann thoir oíche amháin agus mhothaigh sí, mhothaigh sí callán iontach, glór síodh, agus rith sí, mhothaigh sí seo agus bhí sí ag déanamh, mhothaigh sí go raibh rud inteacht ag gabháil cibé ar bith. Agus bhí sí ag éisteacht, 's ag imeacht, ag imeacht, ag imeacht, ag imeacht i _____ agus la nó beirt ina dhiaidh sin bhí stócach bocht istigh i dToraigh

DÓNALL: *So, sin, sin an comhartha*

MÁIRE: Bhí an stócach bocht istigh i dToraigh *so* bhí sí ag *wanderáil*, bhí sí _____ +

DÓNALL: Comhartha báis go díreach.

MÁIRE: Bhuel deir siad go bé, comhartha báis a bheas ansin.

DÓNALL: *Mmm.*

MÁIRE: Gheobhaidh tú *signanna* fosta, gheobhaidh tú *signanna*.

DÓNALL: Gheobhaidh.

MÁIRE: Gheobhaidh tú solas ná gheobhaidh tú rud inteacht.

DÓNALL: Sé. An bhfaca tú solas ariamh?

MÁIRE: Chan fhaca ach má fhaigheann tú solas buí sin, sin scéal gasta. Sin scéal tobann, rud inteacht tobann atá ag gabháil a *happenáil*.

DÓNALL: Má tá sé buí.

MÁIRE: Solas buí, *mmm, hmm*. Solas gorm, an bás. Duine de do mhuintir ag gabháil a fháil bháis deir siad, cineál de, buíochas do Dhia chan fhaca mé ariamh solas, a dhath ar bith mar sin.

DÓNALL: Caidé atá, faoin solas gorm, caidé, caidé go díreach?

MÁIRE: Bhuel duine, duine, sin duine de do mhuintir atá gabháil a fháil bháis.

DÓNALL: Ó.

MÁIRE: *Mmm, hmm.* Solas gorm. Solas buí, *em*, scéal tobann, rud inteacht gasta fá dtaobh de do mhuintir, duine atá gabháil a bheith marbh nó báite nó rud inteacht mar sin.

Nuair a bhí Willie ag teacht anoir an, as an bhealach mór oíche amháin ar an 12 a chlog, chonaic sé solas gorm agus dhá la ina dhiaidh sin bhí a athair marbh. *But* cha dtug sé isteach gur sin an rud a bhí ann, char smaoinigh sé gur sin an rud a bhí ann.

DÓNALL: *No, but* ar inis sé duitse é?

MÁIRE: *Mmm,* char inis sé domhsa gur tháinig sé amach.

DÓNALL: Sé.

MÁIRE: Dhá lá sular, bhí a athair ag géilleadh, tháinig seisean amach, mar a tháinig sé amach inniu agus bhí a athair marbh lá arna mhárach.

DÓNALL: Inis domh fá, fá phisreoga a Mhary. Bhfuil a fhios agat an dóigh, an dóigh a gcuirtí, a dhéantaí droch...

MÁIRE: ...Bhuel níor thug mé isteach ariamh do phisreoga.

DÓNALL: Ná nár thug? Ach thug daoine eile?

MÁIRE: Tá a fhios agam go bhfuil daoine anois go ndéarfadh siad nach dtig leo bróg úr a fhágáil ar an tábla, cha dtug mé isteach do sin.

DÓNALL: Abair arís sin, caidé?

MÁIRE: Péire úr bróga a chur ar an tábla.

DÓNALL: Sé.

MÁIRE: Go bhfuil, gur sin trioblóid nó rud inteacht, cha dtug mé isteach do sin. Cha dtug mé isteach don *umbrella* a oscailt sa teach. Fosclóidh mé an umbrella agus fágaim istigh sa *bhath* é nuair a bhíonn sé fliuch agus le gairid uilig a chuala mé iomrá a dhul faoin dréimire.

DÓNALL: Sé.

MÁIRE: Cibé cineál rud a bhfuil, cibé an rud a bheadh faoin dréimire.

DÓNALL: Go mbeadh maíodh..., droch ádh ort.

MÁIRE: A dhul faoin dréimire, bhí sin ariamh ag gabháil istigh i dToraigh againne agus cha raibh iomrá ar bith ar phiseoga. Cha raibh iomrá ar bith ar sin.

DÓNALL: *But* caidé a bhí fan *umbrella*, gan é a oscailt istigh sa teach?

MÁIRE: Bhuel, deir siad nach rud maith é a oscailt istigh sa teach, cibé an rud a bhfuil sé fá dtaobh de, *I don't know*.

DÓNALL: *Mmm*.

MÁIRE: Cluinim cuid mhór daoine ag caint air, ar sin, ar an *umbrella*. So, is iomaí uair a d'fhágfainn-se istigh sa *bathroom* é, cha dtug mé isteach ariamh do phiseoga. Tá mé ag déanamh gur sin oibreacha an diabhair atá ansin.

DÓNALL: *But* bhí siad ann, chreid daoine iontu agus...

MÁIRE: *Eh?*

DÓNALL: Bhuel bhí siad ann...

MÁIRE: ...Má bheireann tú isteach dó.

DÓNALL: Sé.

MÁIRE: Má bheireann tú isteach dó, tá sé ag gabháil a *happenáil* ach má dtabharann (dtugann) tú isteach dó, cha *happenáileann* sé. Tá daoine ar an oileán a thugthas isteach, a rachas amach ar an doras, caithfidh siad, an doras a dtiocfaidh siad isteach air, caithfidh siad a dhul amach ar ais air.

DÓNALL: Ar an doras chéanna.

MÁIRE: Bhuel, naí, sin piseoga fosta.

DÓNALL: Sin piseoga cinnte.

MÁIRE: *Mmm.* Bhuel, níl a dhath ar bith de sin.

DÓNALL: *But* bhí ceann ann fá, bhfuil a fhios agat, sa tsean am, b'fhéidir romhat, roimh d'am-sa nuair a dhéantaí droch-amharc ar an bhó nó rud inteacht mar sin.

MÁIRE: *Aye,* bhí sin fosta acu, ag déanamh droch-amharc.

DÓNALL: Sé.

MÁIRE: Bhí sin, bhí ó bhí, bhí sin ag gabháil iontach olc sa tsean am.

DÓNALL: Bhí.

MÁIRE: Buíochas do Dhia, níl na rudaí ag gabháil, b'fhéidir go bhfuil sé ag corr dhuine *but* níl achan uile dhuine ag caint ar sin anois.

DÓNALL: Bhí na iascairí pisreogach fosta nach raibh?

MÁIRE: Ó bhí, dá gcastaí bean rua orthu agus iad ag gabháil ag iascaireacht, deireadh siad nach bhfaigheadh siad iasc ar bith. Tá cuimhne agam é sin ag *happenáil* istigh i dToraigh. D'imigh beirt lá amháin ag iascaireacht, casadh bean rua orthu, tá se chomh maith againn pilleadh a dúirt sé. Ach chan fhaigheann muid..., chan fhuarthas a dhath. Casadh an bhean chéanna ar bheirt eile, fuair siad lucht _____, char smaoinigh siad ar chóir ar bith uirthi. So chuir siad sin ___ ann.

DÓNALL: Sé. Níor chreid siad ann go díreach.

MÁIRE: Chuaigh siad ann, chan fhuair siad a dhath. Fuair siad _____nuair a phasáil an bhean rua iad, nach raibh siad ag gabháil a fháil a dhath. Bhuel, bhí buaileadh bainne fosta, buaileadh, iad ag buaileadh bainne agus bean rua a theacht isteach, má chuireann siad ig in san bhean rua, cha dtig im ar bith ar an bhainne. Iad féin a bheas ag oibriú na bpisreoga.

DÓNALL: Ó creidim gurb é. Bhuel *stuff* leis an diabhal atá ann, creidim.

MÁIRE: *Aye*, iad féin a bheas ag oibriú na bpisreoga, iad féin a bheas ag déanamh na bpisreoga.

DÓNALL: Caidé a dúirt tú a Mhary?

MÁIRE: Mé féin a thug an chéad *tilly* isteach ansin. Bhí siad ag imirt chardaí istigh ag m'athair, bhí cúpla, bhí cúpla tábla ag imirt chardaí ag m'athair. Ach an oíche seo tháinig mise anuas an, tháinig mé, i ndiaidh a theacht as an Lagán, isteach as Leitir Cea.....(nainn), cibé ait a raibh mé ag obair, thuas i gContae Aontroma a bhí mé,

fuair mé *Landon Tilly* agus las mé an oíche seo é *but* bhí solas air. Bhí trí thábla ar obair aige, bhí achan duine a bhí ag imirt níos mó an áit a raibh an *tilly*. So bhí uncail Willie ansin, d'imigh sé amach cibé ar bith, d'imigh sé amach, bhí sé istigh, d'imigh sé suas an bealach mór, bhí, bhí bean inteacht ag teacht anuas, ná beirt inteacht ag teacht anuas, d'imigh sé agus bhuail sé isteach iontu.

DÓNALL & MÁIRE: (Ag gáire)

MÁIRE: Shíl sé, shíl siad gur ag tabhairt iarraidh orthu a bhí sé, bhí sé dall ag an tsolas...(gáire) chan fhaca sé iad.

DÓNALL: (Gáire) Shíl an bhean go raibh sé ag tabhairt iarraidh uirthi.

MÁIRE: Bhí sé dall ag an tsolas. Ó, bhí sin maith.

DÓNALL: *But* sin an chéad *tilly*...

MÁIRE: ...Sin an chéad *tilly*, ansin fuair fear eile ansin taobh thíos domh ansin ceann eile. *But* bhí siad maith.

DÓNALL: Bhí siad maith.

MÁIRE: Bhí, bhí.

DÓNALL: Ag gabháil ar ola, a bhí siad?

MÁIRE: Ag gabháil le pairifín, *aye*.

DÓNALL: Pairifín, sé.

MÁIRE: Chaithfeadh iad sin a thiontú *but* an ceann atá agamsa anois, tá gás, níl feidhm domh a dhath a dhéanamh ach *match* a bhuaileadh air.

DÓNALL: Sé.

MÁIRE: Níl feidhm duit é a thiontú. Á, bhí sin maith. Bhuel, sin ag cuid mhór acu a bhí ag gabháil, thuas an áit a raibh mise ar an Lagán. Teach a raibh mise ann, *tillys* a bhí ag gabháil ann, cha raibh *electric* ar bith acu.

DÓNALL: Ní bheadh sibh gann ar bhia choíche a Mhary, bhí, bhí...

MÁIRE: *Eh?*

DÓNALL: Ní bheadh sibh choíche gann ar bhia, bhí achan rud agaibh féin istigh ansin.

MÁIRE: Bhí, achan uile rud ar an saol, acu, cha raibh feidhm daoibh a dhath a cheannach ach plúr 's siúcra 's bainne. Plúr agus siúcra agus tae. Bhí achan rud acu an t-am sin *but* níl anois. Níl a leath ag caint le chéile, ag marú a chéile fá dtaobh de thalamh.

DÓNALL: Is ar éirigh an tae gann ansin a Mhary?

MÁIRE: *Eh?*

DÓNALL: Ar éirigh an tae gann ariamh, an bhfuil a fhios agat, am an chogaidh ná a dhath?

MÁIRE: Tá, d'éirigh an tae gann.

DÓNALL: Sé.

MÁIRE: D'éirigh.

DÓNALL: An bhfuil cuimhne agat ar sin?

MÁIRE: Níl a fhios agam an bhfuil cuimhne ar bith agam ar sin, b'fhéidir go bhfuil. Mairim go sábhálfainn (gáire) na duilleoga agus dhéanfainn ar ais iad, níl cuimhne agam.

DÓNALL: Bheadh na mná ag léamh na gcupaí fosta a Mhary, nach mbeadh?

MÁIRE: Ó, *aye*. Ó bhí seise iontach maith, an bhean a bhí ansin an lá faoi dheireadh. Bhí seise iontach maith.

DÓNALL: An raibh, an raibh tusa ag léamh na gcupaí?

MÁIRE: Ó bhuel, cuireadh deireadh leis sin am amháin.

DÓNALL: *But* cé a bhí, cé a bhí maith a léamh a Mhary? Máire *Willie* a dúirt tú?

MÁIRE: Bhí daoine iontach maith i dToraigh ag léamh, ag léamh, ag léamh duilleoga agus cártaí, cártaí fosta.

DÓNALL: *Mmm*.

MÁIRE: *Mmm, hmm*.

DÓNALL: *But* sin an caitheamh aimsire a bhí ann.

MÁIRE: Sin an caitheamh aimsire a bhí ann.

DÓNALL: Bhí siad ábalta, ag amharc isteach ar na haibhleoga in sa tine, bhí siad ábalta sin a léamh fosta.

MÁIRE: A Dhia, níl a fhios agam an mbeadh sin a dhéanamh fosta. Daoine ábalta an lámh a léamh fosta, char mhothaigh muid iomrá ar sin, níl mé ag rá go raibh sin ag gabháil againne *but* áiteacha eile, bhíodh siad ábalta sin a dhéanamh.

DÓNALL: Sé. *But* ansin bhí siad ag bráth ar an áit a raibh siad ina gcónaí, bhí daoine ábalta amharc suas ar an spéir agus ábalta an t-am a inse a Mhary, nach raibh?

MÁIRE: Bhí, mairim go raibh.

DÓNALL: Bhfuil a fhios agat, bhuel chaitheadh siad.

MÁIRE: *Aye*, ar fhéad agus mar, ar fhéad agus mar a rachadh an ghrian, an ghrian ag gabháil a luí.

DÓNALL: Sé.

MÁIRE: Cé acu a mbeadh acu nuair a d'éireodh an ghrian ar maidin, bhí siad ag gabháil leis an ghrian ar maidin, caidé an t-am a d'éireodh an ghrian, nuair a bheadh fhios acu cén t-am a bhí sé. *Aye*, bhí sin ag gabháil fosta acu.

DÓNALL: Bhí agus bhí siad maith ar sin, nach raibh?

MÁIRE: *Mmm, hmm.* Bhuel creidim má choinneofá féin marc air, inniu air, caidé an áit a raibh an ghrian, inniu, go mbeadh a fhios agat amárach an dóigh chéanna.

DÓNALL: Bhfuil a fhios agat, sula raibh cloganna ar bith ann, bhí tú...

MÁIRE: ... Cha raibh, creidim nach raibh cloganna ar bith ag gabháil sa tsean am. Creidim nach raibh sin ann ach an oiread. Cha raibh mórán rudaí ag gabháil sa tsean am ar chóir ar bith, *I don't know*. Bhuel tá clogann ag gabháil le mo chuimhne-sa cibé ar bith.

DÓNALL: Ó bhuel tá but tá mé ag rá, ag caint roimh sin.

MÁIRE: Roimh sin, *aye*.

DÓNALL: Bhíodh daoine ábalta sin a dhéanamh go díreach.

MÁIRE: Ar an leaba seo mar a shíntear mé san uaigh,
Déanaim mo fhaoistin le Mac agus Dé
Neartaigh mo cholna is ar olcas mo chroí.
A Thiarna nach mé an peacach bocht,
Déan mo chroí is nach déan mo chuimhne.
A Mháthair Íosa, bí os mo chionn
A Eoin Baiste, bí i mo bhun,
Seirbhísí Dé _____+

MÁIRE: A Íosa, a Mhuire agus a Iosaf
Tabharaim duit mo chroí is m'anam,
A Íosa, a Mhuire agus a Iosaf
Go gcuideoidh tú liomsa ar uair mo bháis
A Íosa, a Mhuire agus a Iosaf
Go n-imigh m'anam fríd do chuid lámha beannaithe.
Amen síoraíocht.

MÁIRE: Féach a Íosa cheansa ró-mhilis
Caithim mé féin ar mo ghlúine,
Guím agus achainím ort

Le mórmhian m'anama.

Go ndaingeofá mo chroí beo, smaointe, creideamh, dóchas agus carthanacht.....

MÁIRE: Ó Dhia, chuaigh mé fríd sin, nach greannmhar an dóigh ar ndeachaigh mé fríd sin anois, tá a fhios agam uilig é, tá mé...

DÓNALL: *But* déarfá sin i ndiaidh an phaidrín a dúirt tú, an bé?

MÁIRE: I ndiaidh an phaidrín, sé.

DÓNALL: Sé.

MÁIRE: Sé, sin a ndeireann siad.

DÓNALL: Agus an darna ceann sin a dúirt tú, an ceann deireanach a dúirt tú?

MÁIRE: Bhuel, i ndiaidh Comaoineach.

DÓNALL: I ndiaidh Comaoineach.

MÁIRE: *Aye*, "féach a Íosa cheansa rómhilis"

DÓNALL: Á, inis, inis nuair a rugadh tú a Mhary, inis an scéal sin agus críochnóidh muid ansin.

MÁIRE: Tá sé, tá sé ag gabháil ansin?

DÓNALL: Tá, bhuel inis thusa an scéal a _____, leag air. Inis an scéal a Mhary.

MÁIRE: Bhí mé mo mháthair tinn nuair a rugadh, nuair a rugadh mise, chuaigh bád amach fá choinne an dochtúra agus cha doiligh don bhád a theacht agus chuaigh an bhean seo, *aunt* domhsa suas ag *Father Gallagher* a bhí ann agus dúirt sí leis go raibh mo mháthair ag géilleadh le fada agus gur dheachaigh bád amach fá choinne dochtúra agus “bhuel” a dúirt sé, “dá n-inseofá sin domsa, cha bheadh feidhm” a dúirt sé “don bhád a dhul amach”. “Dá n-inseofá sin domsa”, a dúirt sé, “dá n-inseodh sibh sin domsa, cha bheadh feidhm don bhád a dhul amach, gabhaigí síos anois agus beidh an leanbh rugtha”. Ag teacht anuas dóibh, bhí siad ag éisteacht liomsa ag caoineadh. Bhí sin maith.

DÓNALL: Dia, bhí sin maith, bhí míorúilt ag an fhear sin.

MÁIRE: *Aye.*

DÓNALL: Nach raibh?

MÁIRE: Ó bhí siad ábalta sin a dhéanamh fad ó shin.

DÓNALL: Bhí.

MÁIRE: Ó bhí. Bhí uncail domhsa fosta agus fuair sé *sunstroke*, fuair sé. Cúig nó sé lá ina luí, ina luí *but* chan sin an sagart céanna a bhí ann agus cha raibh sé ábalta labhairt agus bhí mo mháthair, chuir mo mháthair, sin deartháir mo mháthair a bhí ann, chuaigh mo mháthair ansin agus bhí sí ar shiúl, *Father Molloy* a bhí ann, tá mé ag déanamh, a bhí i dToraigh an t-am sin. Chuaigh mo mháthair ansin agus d’inis sí don t-sagart, “bhuel ar an sé a chlog anocht” a dúirt sé, “gabh thusa siar, beidh Antoin ábalta labhairt leat.” Chuaigh sí siar ar a sé a chlog agus bhí Antoin ábalta labhairt léi. *So* bhí míorúiltí ag gabháil an t-am sin.

DÓNALL: Bhí, bhí míorúilt aige sin.

MÁIRE: Bhí. Bhí siad ag déanamh sin an t-am sin. Agus istigh i dToraigh tá traidhfil blianta ó shin nuair a cailleadh Paidí na _____, cailleadh an fear seo istigh i dToraigh, *Father Mc Brearty* a bhí i dToraigh. Agus cailleadh é agus cha dtiocthaí a fháil ar talamh ná ar an fharraige. Bhí siad ag cuartú ar an talamh, ar an talamh a chuartú, seanduine a bhí ann. “Ó” a dúirt sé, “nach cuartaigí níos mó” a dúirt sé, “tá sé ar fharraige dhomhain anocht” a dúirt sé, “tá sé ar shiúl amach trasna ar fharraige dhomhain agus gheofar é, gheofar é” a dúirt sé, “amuigh ar tír mór” a dúirt sé, “b’fhéidir amárach nó anóirthear”. Fuarthas amuigh ar an oileán é dhá lá ina dhiaidh sin. “Ná cuartaigí istigh ar chóir ar bith, tá se ar fharraige mhór”. Nach breá a bhí a fhios ag an *Father Mc Brearty*.

DÓNALL: Bhí a fhios aige.

MÁIRE: *Aye*, bhí a fhios aige sin.

DÓNALL: Tá sin speisialta a Mhary.

MÁIRE: Féach a Íosa cheansa ró-mhilis
Caithim mé féin ar mo ghlúine,
Guím agus achainím ort
Le mórmhian m’anama.
Go ndaingneofá mo chroí beo, smaointe, creideamh, dóchas agus
carthanacht,
Fíoraithrí ar son mo pheaca,
Go maith le rún daingean [mo bheatha] a leasú,
Ag smaoineamh i m’intinn féin agus meabhraím go deo,
Ar an dianghrá agus dubh-bhrón m’anama,
Na cúig créachta ró-luachmhara,
[Na focail a chur Dáiví] i do bhéal fá dtaobh duit féin,
A Íosa mhaith, do pholl siad mo lámha agus mo chosa
Agus do thiontaigh siad mo chnámha uile.

Sin uilig é.

DÓNALL: Sin é anois.

MÁIRE: Bhuel, tá sé sin i dtigh an phobail.

Guímis

Dóirt anuas, a Thiarna, do ghrásta inár n-anama, ionas,

Sinne a fuair fios, ar aoncholladh Chríost, do Mhic trí

theachtaireacht an aingil,

go dtiocfaidh muid,

trí luaíocht a pháise agus a chroise,

chun glóir a aiseiri.

Tríd an Chríost céanna ár dTiarna.

Amen.

Tá sin ag achan duine i ndiaidh an Aifrinn.

DÓNALL: *Right* a Mhary, ligfidh me duit anois. Maith an bhean tú, go raibh maith agat.

MÁIRE: *Right* bhuel.

DÓNALL: Maith an cailín.